2025/467

13.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/467 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Márta 2025

lena nglactar le hiarraidh ón tSualainn de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle gan Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trealamh ETCS a shuiteáil ar bord sé fheithicil de chineál 1144

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1484)

(Is é an téacs Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Márta 2024, chuir an tSualainn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin gan pointe 7.4.2.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([2]) a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le sé fheithicil ÖBB 1144 atá ann cheana a cheannaigh Grenland Rail ('na feithiclí lena mbaineann'). Níl trealamh ETCS (an Córas Eorpach um Rialú Traenacha) suiteáilte ar bord na bhfeithiclí sin.

(2) Cuireadh an iarraidh ón tSualainn isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797 agus ba é an t-údar a bhí leis nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de gan feithiclí a chur ar an margadh go dtí go mbíonn siad feistithe le ETCS mar a cheanglaítear i bpointe 7.4.2.2. de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

(3) I gcomhréir le pointe 7.4.2.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, aon fheithicil atá ann cheana agus aon chóras nua cosanta traenacha Aicme B á shuiteáil i bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord, tá sí le feistiú agus le bheith réidh lena hoibriú le ETCS (córas cosanta traenacha Aicme A).

(4) Is éard atá sa chineál innill fhéinghluaiste 1144 inneall féinghluaiste 4-acastóir uilíoch a tógadh le haghaidh Österreichische Bundesbahnen (ÖBB, Iarnróid Stáit na hOstaire). Is é an Ostair an limistéar ina n-úsáidtear an cineál innill fhéinghluaiste seo faoi láthair. Tá éileamh mór ar an gcineál seo innill fhéinghluaiste sa tSualainn. Cheannaigh Grenland Rail na feithiclí agus tá sé beartaithe aige iad a úsáid sa tSualainn agus san Iorua.

(5) Tá níos lú ná 5 % de ghréasán iarnróid na Sualainne feistithe le ETCS taobh riain faoi láthair. Tá gá fós le leis an gcóras náisiúnta Aicme B, ATC2, chun oibriú ar ghréasán na Sualainne. D'oibreofaí na feithiclí lena mbaineann ar na codanna de líonra na Sualainne nach bhfuil ETCS suiteáilte iontu agus a bhfuil córas cosanta traenacha Aicme B na Sualainne, ATC2, in úsáid taobh riain iontu nó nach bhfuil. De réir Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme ERTMS na Sualainne, ní bheadh ETCS feistithe ar na codanna sin den ghréasán roimh 2030.

(6) De réir na Sualainne, chun na feithiclí a bhaineann le córas ATC2 Aicme B a iarfheistiú, lena n-áirítear údarú na bhfeithiclí uile lena mbaineann, tógfaidh sé 30 mí níos lú ná an t-am a thógtar chun iad a iarfheistiú le ETCS. Dá bhrí sin, dá mbeadh tréimhse feithimh fhada ann ag eascairt as iarfheistiú na bhfeithiclí lena mbaineann ETCS agus as an údarú a thugtar dóibh ina dhiaidh sin, chaillfeadh Grenland Rail an t-ioncam a gheobhadh sé ó úsáid na bhfeithiclí sin agus ní bheadh sé inmharthana do Grenland Rail na feithiclí sin a cheannach.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

(7) Leis an moill ar infhaighteacht oibríochtúil na bhfeithiclí lena mbaineann, laghdófaí freisin an soláthar seirbhísí lastais tráth a dtiocfadh fás ar an éileamh ar na seirbhísí sin. Ní thacódh sé le cuspóir beartais an Aontais agus na Sualainne cion módach an lasta iarnróid a mhéadú.

(8) Go dtí go ndéanfar iad a iarfheistiú le ETCS, oibreoidh na feithiclí lena mbaineann agus úsáid á baint as an gcóras aicme B i líonra na Sualainne toisc gurb é an t-aon chóras comharthaíochta é atá ar fáil sula gcuirfear ERTMS (an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid) i bhfeidhm.

(9) Tá na hinnill fhéinghluaiste dá dtagraítear san iarraidh sainaitheanta cheana féin le huimhreacha tagartha. Ba cheart d'údaráis na Sualainne aon athrú ar líon na bhfeithiclí lena mbaineann a chur in iúl.

(10) Tá gealltanas tugtha ag an tSualainn maidir le plean suiteála chun na feithiclí lena mbaineann ETCS ar bord a iarfheistiú i leagan 2.1 den chóras ar a laghad. De réir na sceideal ama is déanaí a cuireadh ar fáil, meastar go gcuirfear i gcrích an t-iarfheistiú ar na sé inneall go ETCS faoin 1 Iúil 2028. De réir na Sualainne, déanfaidh suiteáil an chórais ATC2 suiteáil ETCS a réamhchumrú, rud a fhágfaidh go mbeidh suiteáil ETCS níos éasca. Deimhníonn an tSualainn go bhfuil na feithiclí lena mbaineann feistithe le GSM-R cheana féin (Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród), de réir mar is gá do líonra na Sualainne.

(11) Tá an tSualainn ag ullmhú cheana féin don ghá a bheidh ann amach anseo FRMCS (an Córas Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid) a chur in ionad GSM-R, bunaithe ar an amlíne mheasta maidir le FRMCS a thabhairt isteach i réimse úsáide na bhfeithiclí sin sa tSualainn agus san Iorua, agus i bhfianaise shaolré na feithicle.

(12) Bunaithe ar an údar leis an iarraidh a chuir an tSualainn ar fáil agus ar na forálacha malartacha atá beartaithe, comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 a mhéid a bhaineann leis na feithiclí lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh a chuir an tSualainn isteach a bhaineann le neamhchur i bhfeidhm phointe 7.4.2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir leis na feithiclí sin go dtí an 1 Iúil 2028.

(13) Chun a ráthú go ndéanfar an tionscadal a fhorbairt in am trátha, ba cheart don tSualainn an Coimisiún a chur ar an eolas faoin bpleanáil agus faoin dul chun cinn maidir leis na feithiclí lena mbaineann a uasghrádú faoin 31 Nollaig gach bliain.

(14) Bheadh gá le hanailís eacnamaíoch nua agus measúnú nua ón gCoimisiún dá gcuirfí aon síneadh le neamhchur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla don idir-inoibritheacht lena mbaineann tar éis an 1 Iúil 2028.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar le hiarraidh na Sualainne ar neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.4.2.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir leis na sé fheithicil ÖBB 1144 a shainaithnítear leis na huimhreacha 9181 1144 003-1, 9181 1144 010-6, 9181 1144 018-9, 9181 1144 019-7, 9181 1144 020-5, agus 9181 1144 024-7.

Airteagal 2

Cuirfidh an tSualainn an Coimisiún ar an eolas faoin bpleanáil agus faoin dul chun cinn maidir le huasghrádú na sé fheithicil dá dtagraítear in Airteagal 1 faoin 31 Nollaig gach bliain. Cuirfidh an tSualainn aon athrú ar uimhreacha tagartha na bhfeithiclí sin in iúl don Choimisiún freisin.

Airteagal 3

I gcás ina n-eiseofar údarú feithicle d'aon cheann de na sé fheithicil dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhréir leis an gCinneadh seo, ní bheidh an t-údarú feithicle sin bailí tar éis an 1 Iúil 2028.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 1 Iúil 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún